Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**16131/1/25**
**REV 1**

| | |
|---|---|
| **SIMPL 198** | **EF 393** |
| **ANTICI 198** | **ENER 635** |
| **AGRI 655** | **ENT 267** |
| **AGRIFIN 156** | **ENV 1302** |
| **BETREG 46** | **FIN 1470** |
| **CHIMIE 145** | **IA 213** |
| **CLIMA 569** | **IND 555** |
| **ELARG 158** | **INDEF 172** |
| **COH 236** | **JAI 1812** |
| **COMPET 1260** | **MAP 147** |
| **CONSOM 275** | **MI 979** |
| **CSC 628** | **POLCOM 362** |
| **DATAPROTECT 318** | **SAN 787** |
| **DRS 94** | **TELECOM 446** |
| **ECO 52** | **TRANS 608** |
| **ECOFIN 1644** | **CODEC 1968** |

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Simpliú<br>(a) Tuarascáil Achoimre Bhliantúil 2025<br>(b) Tuarascálacha Bliantúla ar Dhul Chun Cinn<br>– Cur i láthair ón gCoimisiún<br>– Seisiún tuairimíochta |

1. An 21 Deireadh Fómhair 2025, d’fhoilsigh an Coimisiún Tuarascáil Achoimre Bhliantúil 2025 ar Shimpliú, ar Chur Chun Feidhme agus ar Fhorfheidhmiú (14498/REV1/25) a d’ullmhaigh an Coimisinéir Valdis Dombrovskis ina cháil mar Choimisinéir um Chur Chun Feidhme agus Simpliú. Cumhdaítear sa tuarascáil tionscnaimh a rinne an Coimisiún sa chéad 7 mí de 2025 arb é is aidhm dóibh ualaí a laghdú agus reachtaíocht a shimpliú, lena n-áirítear na chéad 6 phacáiste de thograí omnibus.

2. An 22 Deireadh Fómhair 2025, d’fhoilsigh an Coimisiún Tuarascáil Bhliantúil 2025 ar Dhul Chun Cinn maidir le Simpliú, Cur Chun Feidhme agus Forfheidhmiú ón gCoimisinéir Marta Kos (16182/25), inar leagadh béim ar phríomhbhearta chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht bheartais an Aontais um Méadú agus um Chomharsanacht an Oirthir a fheabhsú. D’fhoilsigh an Coimisiún freisin Tuarascáil Bhliantúil 2025 ar Dhul Chun Cinn maidir le Simpliú, Cur Chun Feidhme agus Forfheidhmiú ón Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Raffaele Fitto (16262/25) lena gcumhdaítear dul chun cinn maidir le príomhchuspóirí beartais, forfheidhmiú, cur chun feidhme agus simpliú i réimse an chomhtháthaithe agus na n-athchóirithe. Tagraítear i dTuarascálacha Bliantúla 2025 ar Dhul Chun Cinn don tréimhse ó mhí Eanáir go mí Iúil 2025.

3. An 23 Deireadh Fómhair 2025, d’athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach sna conclúidí uaithi ‘gur gá clár oibre uaillmhianach cothrománach maidir le simpliú agus rialáil níos fearr a chur chun cinn, mar ábhar práinne, ar gach leibhéal – ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach – agus i ngach réimse, chun iomaíochas na hEorpa a áirithiú’, thathantaigh sí ar an gCoimisiún agus ar na comhreachtóirí ‘dlús a chur lena gcuid oibre, mar ábhar mórthosaíochta, maidir le gach comhad a bhfuil gné an tsimpliúcháin nó an iomaíochais ag baint leis’ agus d’iarr sí go ndéanfaí gníomhaíocht nithiúil bhreise ‘chun ró-rialáil agus tabhairt isteach ualaí nua riaracháin a sheachaint’.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar an gComhairle seisiún tuairimíochta a thionól maidir le simpliú, cur chun feidhme agus forfheidhmiú.